Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12389/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0084(COD)**

**CODEC 1189**
**COH 166**
**SOC 589**
**ENER 422**
**ENV 792**
**CADREFIN 159**
**PE 52**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 8 go dtí an 11 Meán Fómhair 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

An 7 Bealtaine 2025, d'fhormheas seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an iarraidh ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) leanúint ar aghaidh de réir Riail 170 (nós imeachta práinne).

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI), Dragoş BENEA (S&D, RO), thar ceann REGI leasú comhréitigh (leasuithe uimhir 77 agus 78) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, ar ullmhaigh sé dréacht-tuarascáil ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Ina theannta sin, chuir grúpa na Clé dhá leasú síos (leasuithe 79 agus 80), chuir grúpa na nGlasach/SCE seacht leasú síos (leasuithe 81 agus 83 go 88) agus chuir an grúpa Renew Europe trí leasú síos (leasuithe 82, 89 agus 90).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 10 Meán Fómhair 2025, glacadh an leasú comhréitigh (leasuithe uimhir 77 agus 78) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P10_TA(2025)0177

# Leasú a dhéanamh ar CFRE, ar an gCiste Comhtháthaithe agus ar an gCiste um Aistriú Cóir a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma (COM(2025)0123 – C10-0063/2025 – 2025/0084(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0123),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 175, 177, 178 agus 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0063/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 29 Aibreán 2025[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 15 Bealtaine 2025[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 23 Iúil 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shlándáil agus Cosaint,

---

1 IO C, C/2025/3197, 2.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3197/oj.
2 IO C, C/2025/3474, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3474/oj.

– ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A10-0129/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P10_TC1-COD(2025)0084**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Meán Fómhair 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 175, 177, 178 agus 322 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C, C/2025/3197, 2.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3197/oj.
2 IO C, C/2025/3474, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3474/oj.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le blianta beaga anuas, tá a lorg fágtha ag an éiginnteacht mhór sa dinimic gheopholaitiúil, rud a d'fhág go raibh gá le hathmheastóireacht bhunúsach ar uathriail straitéiseach agus athléimneacht an Aontais agus ar ***choimirciú na bprionsabal daonlathach agus an smachta reachta***, in éineacht leis na dúshláin a eascraíonn as an aistriú glas, as an aistriú sóisialta agus as an aistriú teicneolaíochta. Leis na haistrithe comhuaineacha sin, léirítear an géarghá leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, dlús a chur le hiarrachtaí dícharbónaithe, iomaíochas eacnamaíoch a dhaingniú agus spleáchais sheachtracha a laghdú, trí shlabhraí soláthair a éagsúlú, trí uas-scálú a dhéanamh ar fhuinneamh glas a tháirgtear ar bhonn intíre, agus trí infheistíocht a dhéanamh in earnálacha criticiúla.

(2) Mar phríomhionstraim infheistíochta an Aontais laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil, spreagtar ▌ leis an mbeartas comhtháthaithe infheistíochtaí spriocdhírithe a rannchuidíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach***, mar a leagtar amach in Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),*** agus an tráth céanna tugtar aghaidh ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn leis. ***Thairis sin, tá an t-athbhreithniú meántéarma bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta agus ar phrionsabal an rialachais il-leibhéil chun cur chuige éifeachtach, réigiúnach agus dírithe ar an saoránach a áirithiú i leith chur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe. Dá bhrí sin, ba cheart aon ath-leithdháileadh faoin athbhreithniú meántéarma a dhéanamh i gcomhréir leis an gcód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíocht[4].***

---

4 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 maidir leis an gCód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (IO L 74, 14.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/240/oj).

(3) Leis an gcreat dlíthiúil do na cláir beartais comhtháthaithe, foráiltear maidir le hathbhreithniú meántéarma in 2025, rud a chuireann deis thráthúil agus uathúil ar fáil chun cláir a athdhíriú ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus ar dheiseanna nua, chun dlús a chur lena gcur chun feidhme agus chun a n-éifeachtacht a mhéadú chun freagairt ar thosaíochtaí nua agus seantosaíochtaí an Aontais araon, ***gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais ná don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile***.

***(4)*** **I *bhfianaise a thábhachtaí atá coinníollacha cumasúcháin cothrománacha is infheidhme maidir le gach cuspóir sonrach agus na critéir is gá chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sin, de réir bhrí Airteagal 15(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis maidir le húsáid éifeachtach agus éifeachtúil na tacaíochta foriomláine ón Aontas a dheonaítear leis na Cistí sin de chuid an Aontais, agus i bhfianaise an ghá atá le héifeacht phraiticiúil na gCistí sin de chuid an Aontais a áirithiú, níor cheart na méideanna a sháraíonn an méid solúbthachta dá dtagraítear in Airteagal 86(1), an dara fomhír, den Rialachán sin, a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha atá faoi réir measúnú diúltach ón gCoimisiún ar bhonn chur i bhfeidhm na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha sin, a bheith faoi réir leasú ar chlár ná aistriú ar bhonn na dtosaíochtaí nua agus na solúbthachta nua dá bhforáiltear sna forálacha leasaitheacha a leagtar amach sa Rialachán seo.***

---

[5] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

***Is dreasacht riachtanach é beart comhréireach den sórt sin, lena mbeartaítear a áirithiú go leanfaidh dlí agus cleachtais na mBallstát de na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfaidh an caiteachas a chumhdaítear le Cistí an Aontais cuspóirí an Aontais. Ós rud é go bhfuil Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] á chur i bhfeidhm go cothrománach, ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas céanna maidir leis na méideanna a chomhfhreagraíonn do ghealltanais arna gcur ar fionraí le bearta arna nglacadh ar bhonn an Rialacháin sin. Méideanna laistigh den mhéid solúbthachta dá dtagraítear in Airteagal 86(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/1060 agus a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha atá faoi réir measúnú diúltach ón gCoimisiún ar bhonn chur i bhfeidhm na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha, is féidir leo a bheith faoi réir leasú ar chlár nó aistriú ar bhonn tosaíochtaí nua, ar choinníoll go gcomhlíonann na tosaíochtaí nua sin na cuspóirí arna saothrú leis na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha.***

6 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

(5) Sa teachtaireacht uaidh an 29 Eanáir 2025 dar teideal 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach' agus sa teachtaireacht uaidh an 26 Feabhra 2025 dar teideal 'An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú' agus sa Phlean Gníomhaíochta um Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne a ghabhann léi, chuir an Coimisiún conair nithiúil i láthair chun go mbeidh an Eoraip in ann a hiomaíochas a fháil ar ais agus rathúnas inbhuanaithe a dhaingniú. Le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus leis an gCiste Comhtháthaithe, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], tacaítear cheana le hinfheistíochtaí chun cuspóirí aeráide mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1060 a bhaint amach. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú gur spreagadh don fhás é an dícharbónú le haghaidh thionscail na hEorpa agus rathúnas mhuintir na hEorpa, *inter alia*, trí thacaíocht don teicneolaíocht ghlan agus don aistriú chuig fuinneamh glan a uas-scálú, trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bonneagair fuinnimh lenar féidir fíor-Aontas Fuinnimh a áirithiú, agus trí thacú le dícharbónú próiseas táirgeachta agus táirgí.

[7] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1058/oj).

(6) I bhfianaise na héagobhsaíochta geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh agus an ghá atá leis an Aontas a chosaint féin ***agus a ullmhacht shibhialta féin*** a áirithiú, ba cheart cistiú beartais comhtháthaithe a shlógadh go pras chun tacú go díreach le hinfheistíochtaí i gcumais chosanta ***agus sa tslándáil shibhialta***. Is gá, dá bhrí sin, cuspóirí sonracha nua a chruthú le haghaidh tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe chun acmhainneachtaí tionsclaíocha in earnáil na cosanta a mhaoiniú agus chun infheistíochtaí i mbonneagar athléimneach cosanta nó dé-úsáide a cheadú***, lena n-áirítear*** d'fhonn soghluaisteacht mhíleata a chothú ***agus ullmhacht shibhialta a fheabhsú lena n-áirítear an chibearshlándáil agus an tslándáil shibhialta nach gá go bhfuil baint acu leis an tsoghluaisteacht,*** i gcomhréir le raon feidhme na gcistí sin agus leis an ***bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann tacú leis an ullmhacht shibhialta mar chuid de straitéisí forbartha críochaí agus áitiúla***. Na hacmhainneachtaí tionsclaíocha chun cumais chosanta a chothú, ba cheart baint a bheith acu le forbairt teicneolaíochta agus le táirgeadh táirgí a bhaineann le cosaint agus táirgeadh táirgí eile chun críoch cosanta, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle[8], go háirithe iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán sin.

[8] Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair acmhainní a leithdháiltear orthu faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú go deonach chuig cláir a bhainistítear go díreach agus a bhfuil cuspóirí cosanta agus slándála acu. Sa chomhthéacs sin, le haistrithe chuig an imchlúdach soghluaisteachta míleata faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), d'áiritheofaí idirghabhálacha comhordaithe feadh na gconairí soghluaisteachta míleata dá dtagraítear i bPáipéar Bán Comhpháirteach ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030. ***Agus tacaíocht á tabhairt do na hinfheistíochtaí sin, tá na Ballstáit le breithniú a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme, ar na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], ar na rialacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2025/1106, nó ar fhorálacha ábhartha na gclár Eorpach um thionscal cosanta. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí i mbonneagar dé-úsáide agus in acmhainneachtaí dé-úsáide.***

9 Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

*(7) Ba cheart aird ar leith agus tacaíocht eisceachtúil a dhíriú ar réigiúin teorann thoir an Aontais atá in aice leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin, i bhfianaise na ndúshlán slándála uathúil atá rompu agus a dtábhachta geopholaitiúla. Tá na réigiúin sin neamhchosanta go háirithe ar bhagairtí seachtracha, lena n-áirítear ionsaithe hibrideacha. Tá sé bunriachtanach cumais chosanta áitiúla agus athléimneacht an phobail a neartú sna réigiúin sin, ní hamháin chun ionsaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíspreagadh agus slándáil na hEorpa a chosaint, ach freisin chun tacú leis an bhforbairt réigiúnach, comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, fostaíocht a chruthú, agus dálaí maireachtála a fheabhsú.*

*(8) Agus acmhainní an bheartais chomhtháthaithe atá dírithe ar chuspóirí a bhaineann leis an gcosaint á leithdháileadh agus á gcur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do thionscadail lena gcuirtear fostaíocht, forbairt scileanna agus éagsúlú tionsclaíoch chun cinn ar an leibhéal réigiúnach. Ba cheart béim ar leith a leagan ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do bhraislí réigiúnacha atá gníomhach i dteicneolaíochtaí dé-úsáide, sa chibearshlándáil agus san intleacht shaorga, lena n-áiritheofaí go mbeadh infheistíochtaí den sórt sin ag freastal ar leasanna straitéiseacha an Aontais agus ar an gcuspóir maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach.*

***(9)*** ***Má dhéantar hinfheistíochtaí in uasghrádú na ngréasán iompair chun riachtanais mhíleata a chomhlíonadh, soláthraítear tairbhí suntasacha freisin don tsoghluaisteacht shibhialtach, don nascacht eacnamaíoch agus do na hacmhainneachtaí freagartha ar ghéarchéimeanna laistigh den Aontas. Leis na hinfheistíochtaí sin, cuirtear feabhas ar bhonneagar trasteorann, laghdaítear scrogaill tráchta, déantar ullmhacht a fheabhsú agus cuirtear le hathléimneacht na réigiún agus na slabhraí soláthair criticiúla. Ina theannta sin, le moil iompair lenar féidir seirbhísí éigeandála a imscaradh go tapa agus soláthairtí bunriachtanacha a dháileadh, cuirtear go mór le leanúnachas feidhmeanna ríthábhachtacha agus leis an tslándáil náisiúnta.***

(10) Thairis sin, chun leachtacht a instealladh go tapa chun na riachtanais is práinní a chumhdach, d'infheistíochtaí i gcumais chosanta fheabhsaithe ***agus i mbonneagar, go háirithe trí thosaíocht a thabhairt do chumais agus do bhonneagar de chineál dé-úsáide, agus don ullmhacht shibhialta,*** ba cheart féidearthachtaí maoiniúcháin breise a thairiscint. Go háirithe, is gá foráil a dhéanamh maidir le réamh-mhaoiniú aonuaire breise ***20*** % de na méideanna atá clársceidealaithe faoi ***na*** tosaíochtaí tiomnaithe ▌ ***sin*** faoi chuspóirí beartais ábhartha CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe agus maidir leis an bhféidearthacht ráta cómhaoinithe ***níos airde*** ▌ ón Aontas a chur i bhfeidhm.

(11) Is féidir le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, laistigh dá raon feidhme tacaíochta faoi seach, foráil a dhéanamh cheana maidir le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], arb é is aidhm leis ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú. Chun dreasachtaí breise a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe sna réimsí criticiúla sin, ba cheart an teorainn le haghaidh ranníocaíocht fhoriomlán CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe leis na tosaíochtaí sin a bhaint agus ba cheart an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit réamh-mhaoinithe níos airde a fháil le haghaidh leasuithe gaolmhara ar chlár a leathnú. ***Na tosaíochtaí lena dtacaítear le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP faoi iarraidh ar leasú ar chlár a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2025, tá siad leis an réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire is infheidhme a fháil tráth a thíolactar an iarraidh sin***. Thairis sin, na féidearthachtaí maidir le hinfheistíochtaí táirgiúla lena rannchuidítear le cuspóirí STEP i bhfiontair nach FBManna iad a mhaoiniú, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le gach ***Ballstát agus*** gach réigiún ***ar lú a OTI per capita ná meán AE-27, agus béim á coinneáil ar FBManna ag an am céanna***.

[10] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

Ba cheart a bheith in ann na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh i réigiúin ina n-éascaíonn siad coigeartú tionsclaíoch atá nasctha leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear acmhainneachtaí digiteacha sa néalríomhaireacht, san intleacht shaorga agus sa sár-ríomhaireacht, agus le dícharbónú agus ciorclaíocht próiseas táirgeachta agus táirgí, amhail sa tionscal mótarfheithiclí nó i dtionscail dianfhuinnimh. Ina theannta sin, an fhéidearthacht a chuirtear ar fáil le haghaidh infheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP chun infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad a mhaoiniú ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], ba cheart í a leathnú chuig na hinfheistíochtaí uile, ***agus béim á coinneáil ar FMBanna ag an am céanna, i gcás ina bhfuil gá le hinfheistíochtaí den sórt sin chun, inter alia, an plean críochach um aistriú cóir a chur chun feidhme agus chun poist a chruthú.***

---

11 Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1056/oj).

(12) Chun an tslándáil fuinnimh a fheabhsú, chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus chun an tsoghluaisteacht ghlan a chur chun cinn, ba cheart infheistíochtaí faoi STEP agus faoin tSaoráid um Bonneagar Breoslaí Malartacha dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] a chomhlánú trí chuspóir sonrach nua a chruthú do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe faoi chuspóir beartais 2 chun idirnascairí fuinnimh agus bonneagar gaolmhar tarchuir***, dáileacháin, stórála agus tacaíochta*** a chur chun cinn, ***chomh maith leis an mbonneagar sin a chosaint agus a choimirciú agus*** imscaradh an bhonneagair luchtaithe ***a fheabhsú***. ***Tagraíonn 'bonneagar fuinnimh tacaíochta' d'aon saoráidí, trealamh agus córais a thacaíonn le hidirnascadh chórais tarchuir na mBallstát trí ghiniúint, tarchur, dáileadh agus stóráil fuinnimh a chumasú.*** Chun dlús a chur le hinfheistíochtaí sna réimsí sin, ba cheart do thosaíochtaí atá tiomnaithe don chuspóir sonrach sin tairbhe a bhaint as réamh-mhaoiniú aonuaire breise ***20*** % de na méideanna atá clársceidealaithe faoi na tosaíochtaí sin agus den fhéidearthacht ráta cómhaoinithe ***níos airde*** ón Aontas ▌ a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil leis go bhféachfaidh údaráis bhainistíochta leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as maoiniú príobháideach, i gcás inarb ábhartha. Leis an iarracht infheistíochta feabhsaithe sin, beidh earnálacha dianfhuinnimh in ann teacht ar fhoinsí fuinnimh níos cobhsaí agus níos éagsúla i margadh inmheánach fuinnimh nach bhfuil chomh hilroinnte céanna, rud a neartófar a n-inbhuanaitheacht agus a n-iomaíochas. Thairis sin, má leathnaítear tacaíocht CFRE do thionscadail dícharbónaithe, is féidir le tionscail dianfhuinnimh tosaíocht a thabhairt do nuálaíochtaí ardtionchair atá ailínithe le cuspóirí aeráide an Aontais.

---

**12** Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj).

(13) Maidir le tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna), eadhon tionscadail lena dtacaítear le tionscadail trasteorann ar mórscála agus lena gcuirtear chun cinn iad, ar tionscadail iad a mheastar a bheith fíor-riachtanach d'fhás eacnamaíoch, nuálaíocht agus iomaíochas an Aontais, meastar iad a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcás ina n-éascaíonn siad comhar tras-Eorpach le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha nó bonneagair uile-Eorpacha. Chun cabhrú le dlús a chur le dearadh IPCEInna nua agus le cur chun feidhme IPCEInna atá ann cheana, maidir le tacaíocht ó CFRE le haghaidh infheistíochtaí i tionscadail atá rannpháirteach in IPCEI a chinn an Coimisiún a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE tar éis dó teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 dar teideal *Criteria for the analysis of the compatibility with the internal market of State aid to promote the execution of important projects of common European interest* [Critéir chun anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Státchabhrach leis an margadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn] a chur san áireamh, ba cheart an tacaíocht sin a cheadú i ngach catagóir réigiún. Thairis sin, ba cheart d'oibríochtaí lena rannchuidítear le IPCEI arna fhormheas ag an gCoimisiún tairbhe a bhaint as nósanna imeachta roghnúcháin simplithe.

(14) Dúshlán eile is ea tithíocht inacmhainne agus ***inbhuanaithe, dúshlán*** a tháinig chun cinn mar thoradh ar an méadú suntasach ar phraghsanna agus ar chíosanna le blianta beaga anuas. ***Déantar difear mór do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do theaghlaigh ísealioncaim agus meánioncaim, agus bíonn níos mó deacrachtaí acu rochtain a fháil ar thithíocht agus bíonn siad i mbaol méadaitheach easpa dídine***. D'fhonn dreasachtaí a sholáthar do na Ballstáit agus do na réigiúin chun infheistíochtaí ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a dhúbailt, laistigh dá raon feidhme tacaíochta faoi seach, maidir le tógáil agus athchóiriú an stoic tithíochta inacmhainne agus ***inbhuanaithe***, lena n-áirítear tithíocht shóisialta, ba cheart cuspóirí sonracha nua a chruthú faoi chuspóirí beartais éagsúla chun solúbthacht a sholáthar le haghaidh clársceidealú idirghabhálacha tithíochta faoi thosaíochtaí tiomnaithe, ***agus á aithint ag an am céanna gur féidir leis an sainmhíniú ar inacmhainneacht a bheith éagsúil de réir imthosca gach Ballstáit***. Ba cheart na tosaíochtaí sin ***a bheith comhoiriúnach le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[13] ***agus*** ba cheart an fhéidearthacht a bheith i gceist leo ráta cómhaoinithe ***níos airde*** ón Aontas [redacted] agus réamh-mhaoiniú aonuaire breise ***20 %*** de na méideanna atá clársceidealaithe a chur i bhfeidhm chun an t-ualach ar bhuiséid phoiblí ***i ngach catagóir réigiún*** a laghdú. Mar shampla, ba cheart d'infheistíochtaí faoi ***phrionsabail agus luachanna*** an tionscnaimh 'Bauhaus Eorpach Nua' leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí nua sin. Costais a eascraíonn as lóistín malartach a ghlacadh ar cíos go sealadach d'áititheoirí le linn an athchóirithe [redacted] , is féidir na costais sin a bheith incháilithe freisin le haghaidh tacaíocht faoi na tosaíochtaí sin. Is iomchuí freisin an tacaíocht ó CUAC a shoiléiriú sa chomhthéacs sin.

---

[13] Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj).

(15) Tá ról ríthábhachtach ag an uisce mar acmhainn do shlándáil córas bia, fuinnimh agus eacnamaíoch. Tá a ról mar acmhainn ina phríomhghné freisin chun an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a áirithiú. I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le tionchar an athraithe aeráide ar acmhainní uisce, ba cheart infheistíochtaí breise san athléimneacht uisce a spreagadh. Ba cheart cur chun feidhme na reachtaíochta cosanta uisce agus muirí a fheabhsú, ba cheart feabhas a chur ar éifeachtúlacht uisce, ba cheart aghaidh a thabhairt ar ghanntanas uisce, agus ba cheart dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Eoraip a bheidh athléimneach ó thaobh uisce de, agus ba cheart an méid sin ar fad a dhéanamh ar bhonn práinneach. Chun an cur chun feidhme sin a dhéanamh, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha***, lena n-áirítear in athúsáid uisce chun críoch neamhthalmhaíochta, sa bhiteicneolaíocht ghorm, i mbonneagar chun aghaidh a thabhairt ar strus uisce agus ar thriomach a chosc, in imscaradh réiteach dúlrabhunaithe, in athchóiriú éiceolaíoch éiceachóras fionnuisce, agus i bhfeabhsú cóireála fuíolluisce. I gcás daonraí atá ina gcónaí i réigiúin atá buailte go mór ag ganntanas uisce, is féidir ról lárnach a bheith ag an díshalannú, má dhéantar go hinbhuanaithe é, dá dtagraítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2025 dar teideal 'Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce', chun rochtain shlán ar uisce a áirithiú agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a bheith incháilithe do thacaíocht***. Dá bhrí sin, is iomchuí tagairt do rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce, ***lena n-áirítear bainistiú comhtháite uisce,*** agus athléimneacht uisce a áireamh sa chuspóir sonrach ▌ faoi chuspóir beartais 2 chun bainistiú réamhghníomhach rioscabhunaithe agus ullmhacht mhéadaithe a éascú. Na tosaíochtaí tiomnaithe ***nua*** arna mbunú don chuspóir sonrach sin, ba cheart dóibh tairbhe a bhaint freisin as réamh-mhaoiniú aonuaire breise ***20*** % de na méideanna atá clársceidealaithe agus as an bhféidearthacht ráta cómhaoinithe ***níos airde*** ▌ a bheith ann chun dreasachtaí a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí ríthábhachtacha sa réimse sin.

***Ba cheart é a bheith indéanta freisin tacaíocht a sholáthar ó CUAC le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le huisce i gcás ina dtugtar aghaidh leis na hinfheistíochtaí sin ar ghéarstrus uisce, i gcás ina bhfeabhsaíonn siad athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus i gcás ina dtacaíonn siad leis an aistriú chuig geilleagar áitiúil inbhuanaithe agus éagsúlaithe, fiú nuair nach bhfuil baint dhíreach acu le tionscadail athchóirithe talún.*** ▌

(16) Chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit ath-chlársceidealú fiúntach a dhéanamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus acmhainní a dhíriú ar na tosaíochtaí straitéiseacha nua sin de chuid an Aontais, ba cheart deireadh a chur le srianta breise. A mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le díriú téamach, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit méideanna atá clársceidealaithe do thosaíochtaí straitéiseacha nua, ***gan beann ar an gcomhlíonann na Ballstáit na ceanglais maidir le díriú téamach ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na catagóire réigiúin***, lena n-áirítear na méideanna sin lena rannchuidítear le cuspóirí STEP, a áireamh faoi chomhair na méideanna atá ag teastáil chun comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach a áirithiú. Ba cheart a bheith ag gabháil leis an tsolúbthacht i ndáil le ceanglais maidir le díriú téamach roinnt solúbthachta maidir le ríomh an rannchuidithe aeráide le haghaidh CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/1060, agus ceanglais fhoriomlána an Airteagail sin á n-urramú ag an am céanna. Ina theannta sin, ▌ ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit freisin acmhainní ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a ranníoc le hurrann an Bhallstáit de Chiste InvestEU a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] chun iad a chur in úsáid tríd an ionstraim airgeadais dá bhforáiltear i gClár InvestEU.

---

14 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

Ar deireadh, ionas gur féidir ath-chlársceidealú cuimsitheach a dhéanamh i dtreo na dtosaíochtaí straitéiseacha nua i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, ba cheart do na Ballstáit tairbhiú d'am breise chun chomhlánú a dhéanamh ar an measúnú ar thoradh an athbhreithniú mheántéarma a bheith déanta acu agus ar leasuithe gaolmhara ar chláir a bheith tíolactha acu. Ba cheart feidhm a bheith ag an am breise sin le haghaidh ath-chlársceidealú freisin maidir le hacmhainní CUAC i gcás ina n-áirítear iad i gclár in éineacht le hacmhainní CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe ***nó*** acmhainní ***Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)*** a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. ***Déantar leasuithe ar chláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].***

---

**15** Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1057/oj).

**16** Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1059/oj).

(17) Chun dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe ar bhonn níos ginearálta agus an leachtacht is gá a instealladh le haghaidh príomhinfheistíochtaí atá le cur chun feidhme, ba cheart réamh-mhaoiniú aonuaire breise le haghaidh CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe a íoc i gcás clár faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh ('Interreg') araon nuair a bhaineann an t-ath-chlársceidealú le sciar mór den chlár foriomlán. Ba cheart céatadán an réamh-mhaoinithe a mhéadú tuilleadh le haghaidh cláir áirithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis lena gcumhdaítear réigiún ar leibhéal NUTS 2 amháin nó níos mó a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, i bhfianaise drochthionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar na réigiúin sin. Chun ath-chlársceidealú i treo príomhthosaíochtaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma a spreagadh, níor cheart an réamh-mhaoiniú aonuaire breise a bheith ar fáil ach amháin i gcás ina sroichtear tairseacha áirithe le haghaidh ath-leithdháileadh acmhainní airgeadais ar thosaíochtaí ríthábhachtacha sonracha.

(18) Chun an t-am is gá a chur san áireamh chun infheistíochtaí a athdhíriú i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní atá ar fáil, ba cheart an dáta deiridh le haghaidh incháilitheacht an chaiteachais agus na rialacha saortha a choigeartú le haghaidh cláir lena ndéantar acmhainní a ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma. Ba cheart a bheith in ann ráta cómhaoinithe ***níos airde*** ▌ a chur i bhfeidhm maidir le tosaíochtaí i gcláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis lena gcumhdaítear réigiún ar leibhéal NUTS 2 amháin nó níos mó a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, ***agus*** drochthionchair chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar na réigiúin sin ***á chur san áireamh***, ***agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le cláir a dhúnadh go tráthúil, cláir nua a sheoladh go tráthúil agus leas iomlán a bhaint as cistiú clár***.

(19) Ba cheart úsáid a bhaint as an athbhreithniú meántéarma freisin chun ról ríthábhachtach cathracha ***agus limistéar uirbeach feidhmiúil*** a dhaingniú maidir le cuspóirí an Aontais a bhaint amach tríd an deis a thabhairt do na Ballstáit, ***i ndlúthchomhar leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus ag cuimhneamh ar shainiúlachtaí réigiúnacha agus raon feidhme an bheartais comhtháthaithe,*** acmhainní airgeadais a ath-leithdháileadh ó CFRE chun an Tionscnamh Uirbeach Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/1058 a dhaingniú. Ina theannta sin, chun glacadh príomhghníomhaíochtaí nuálacha arna sainaithint faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach a éascú, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin tairbhe a bhaint as nósanna imeachta roghnúcháin simplithe maidir le tacaíocht faoi chláir beartais comhtháthaithe. Chun solúbthacht maidir le húsáid acmhainní a fheabhsú, ba cheart an deis a sholáthar do na Ballstáit freisin acmhainní CFRE a ath-leithdháileadh óna gcláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis ar an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/1058.

(20) Chun cur chun feidhme a shimpliú agus chun dlús a chur le hinfheistíochtaí, is iomchuí athruithe spriocdhírithe breise a dhéanamh ar an gcreat rialála lena rialaítear úsáid CUAC. Go háirithe, ba cheart an deis nós imeachta roghnúcháin simplithe a bheith ag oibríochtaí ar sannadh Séala Barr Feabhais dóibh a leathnú chuig CUAC. Thairis sin, ba cheart na teorannacha d'athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna a bhaint chun foráil a dhéanamh maidir leis an tsolúbthacht is gá i gcomhthéacs imthosca cur chun feidhme atá ag athrú.

***(21)* *Chun tacú leis na Ballstáit ath-chlársceidealú pras agus ceart a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún soiléirithe teicniúla tráthúla agus soiléire agus tacaíocht a sholáthar d'údaráis bhainistíochta, lena n-áirítear trí chóras struchtúrtha, trí fhreagra a thabhairt ar cheisteanna teicniúla, dlíthiúla agus nós imeachta, go háirithe maidir le bearta a thugtar isteach leis an Rialachán seo.***

(22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon infheistíochtaí a athdhíriú ar thosaíochtaí criticiúla i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus cur chun feidhme beartas a éascú agus dlús a chur leis trí Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a leasú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a leasú dá réir sin.

(24) I bhfianaise a phráinní atá sé infheistíochtaí ríthábhachtacha a éascú, go háirithe i gcumais chosanta i gcomhthéacs dúshlán geopholaitiúil práinneach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1058**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(vii) acmhainneachtaí tionsclaíocha a fheabhsú chun ▌ cumais chosanta a chothú, ***agus tosaíocht á tabhairt do chumais de chineál dé-úsáide***.';

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

'(v) rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce, ***lena n-áirítear bainistiú comhtháite uisce,*** agus athléimneacht uisce a chur chun cinn

(2) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(xi) rochtain ar thithíocht inacmhainne agus ***inbhuanaithe*** a chur chun cinn ▌;

(xii) idirnascairí fuinnimh agus bonneagar gaolmhar tarchuir***, dáileacháin, stórála agus tacaíochta*** a chur chun cinn, ***chomh maith le bonneagar criticiúil fuinnimh*** a chosaint agus bonneagar athluchtaithe a imscaradh.';

(iii) i bpointe (c), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(iii) bonneagar cosanta ▌ athléimneach ***a fhorbairt, agus tosaíocht á tabhairt do bhonneagar de chineál dé-úsáide, lena n-áirítear chun*** soghluaisteacht mhíleata a chothú san Aontas, ***chomh maith le hullmhacht shibhialta a fheabhsú***.’;

(iv) i bpointe (d), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(vii) rochtain ar thithíocht inacmhainne agus ***inbhuanaithe*** a chur chun cinn ▌;

(v) i bpointe (e), an chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(iii) forbairt chríochach chomhtháite a chothú, trí rochtain ar thithíocht inacmhainne agus ***inbhuanaithe*** ▌ i ngach cineál críoch;

***(iv) ullmhacht shibhialta a áirithiú i ngach cineál críoch.’;***

(vi) cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Oibríochtaí a dtacaítear leo faoin gcuspóir sonrach a leagtar amach sa chead fhomhír, pointe (c)(iii), ***lena gcothaítear soghluaisteacht mhíleata***, díreofar iad ***go príomha***, i gcás inarb ábhartha, ar cheann amháin nó níos mó de na ceithre Chonair Tosaíochta Soghluaisteachta Míleata arna sainaithint ag na Ballstáit in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Riachtanais Mhíleata maidir leis an tSoghluaiseacht Mhíleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de a ghlac an Chomhairle an 18 Márta 2025. Oibríochtaí a dtacaítear leo agus atá ina gcuid de na Conairí sin, comhlíonfaidh siad na ceanglais bhonneagair a leagtar síos i ngníomhartha cur chun feidhme bunaithe ar Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*].

---

[*] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj).’;

(b) i mír 1a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

'Déanfar na hacmhainní faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear i mír, an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais ábhartha.

I gcás ina gcuirtear leasú ar chlár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025, íocfaidh an Coimisiún ***20*** % den leithdháileadh ar thosaíochtaí tiomnaithe den sórt sin mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar an gclár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire de bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh an chláir dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060 nó in Airteagal 51(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire sin. ***I gcás inar áiríodh tosaíochtaí tiomnaithe den sórt sin i leasú ar chlár a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2025, íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire 30 % den leithdháileadh ar na tosaíochtaí sin mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar chlár.*** Íocfar ***an réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire*** laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar an gclár.

______________

* Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1059/oj).';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1c. Déanfar na hacmhainní faoi na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a)(vii), pointí (b)(v), (xi) agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii) agus pointí (e)(iii) agus ***(iv)*** a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais ábhartha.

I gcás ina gcuirtear leasú ar chlár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025, íocfaidh an Coimisiún ***20*** % den leithdháileadh ar thosaíochtaí tiomnaithe den sórt sin mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar an gclár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire de bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh an chláir dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060 ***agus in Airteagal 51(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1059***. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar an gclár.

Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire, de bhun Airteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

Aon ús a ghintear le réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin, de bhun Airteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear é le haghaidh an chláir lena mbaineann ar an mbealach céanna le CFRE ***nó leis an gCiste Comhtháthaithe*** agus áireofar é sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh.

De bhun Airteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin ar fionraí.

De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar aon réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire arna íoc sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun méideanna atá le saoradh a ríomh.

De mhaolú ar Airteagal ***112(3) agus (4)*** de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a bunaíodh chun tacú leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a)(vii), pointí (b)(v), (xi) agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii) agus pointí (e)(iii) agus ***(iv)***, den Airteagal seo ***a mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná*** 100 %.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfaidh an Ciste Comhtháthaithe tacaíocht do CB 2 agus 3, lena n-áirítear na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (b)(x), (xi) agus (xii) agus pointe (c)(iii), den Airteagal seo, a mhéid atá an tacaíocht sin i gcomhréir le raon feidhme na tacaíochta a leagtar amach in Airteagail 6 agus 7.’; ▌

***(e) cuirtear an mhír seo a leanas leis:***

***‘5. De mhaolú ar Airteagal 49(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás oibríochtaí a dtacaítear leo faoi na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a)(vii) agus (c)(iii), den Airteagal seo, ní cheanglófar ar an mBallstát lena mbaineann na sonraí a bhaineann leis na hoibríochtaí sin a chur ar fáil go poiblí i gcás nach gceadaítear nochtadh den sórt sin ar chúiseanna slándála nó oird phoiblí de bhun Airteagal 69(5) de Rialachán (AE) 2021/1060. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas sula roghnóidh siad an oibríocht lena mbaineann le haghaidh tacaíochta. Ní dochar an mhír seo do chearta an Choimisiúin agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le fíoruithe agus iniúchtaí ná do dhualgas Pharlaimint na hEorpa rialú polaitiúil a fheidhmiú de bhun Airteagal 14 CAE agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais de bhun Airteagal 319 CFAE.***

*Ní bheidh tairbhithe faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 50(1), pointí (c), (d) agus (e), de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le hoibríochtaí atá nasctha leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(vii) agus (c)(iii), den Airteagal seo i gcás nach gá faisnéis maidir leis an tacaíocht nó maidir le heagrú ócáide cumarsáide nó gníomhaíochta cumarsáide a thaispeáint go poiblí ar chúiseanna slándála nó oird phoiblí de bhun Airteagal 69(5) de Rialachán (AE) 2021/1060.*

*Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad faoi líon na n-oibríochtaí is ábhar don mhaolú dá bhforáiltear sa dara fomhír, agus faoina gcostas iomlán, ar bhealach comhiomlánaithe, agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais rúndachta.';*

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Na ceanglais maidir le díriú téamach a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo, comhlíonfar iad i rith na clárthréimhse ar fad, lena n-áirítear an uair a aistreofar leithdháiltí CFRE idir tosaíochtaí cláir nó idir cláir agus tráth an athbhreithnithe meántéarma i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060. I gcás ina dtíolacann Ballstát iarraidh ar leasú ar chlár i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfar méideanna atá clársceidealaithe le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear ▌ in Airteagal ***3(1), an chéad fhomhír,*** pointí (a)(vi) agus (b)(ix), den Rialachán seo, agus le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal ***3(1), an chéad fhomhír,*** pointe (a)(vii), pointí (b)(v), (xi) agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii) agus pointe (e)(iii) agus ***(iv),*** den Rialachán seo, a áireamh faoi chomhair na méideanna is gá le haghaidh CB 1 nó CB 2 nó a roinnt idir an dá cheann.

***I gcás ina gcomhlíonann Ballstát na ceanglais maidir le díriú téamach ar leibhéal na catagóire réigiún, féadfar méideanna atá clársceidealaithe le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), agus le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(vii), pointí (b)(v), (xi), agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii) agus pointe (e)(iii) agus (iv), a sháraíonn na tairseacha le haghaidh díriú téamach do chatagóir réigiúin, a áireamh faoi chomhair na dtairseach maidir le díriú téamach i gcatagóirí eile réigiún laistigh den chuspóir beartais céanna.***

***Ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin nuair a bheidh leithdháiltí do na cuspóirí sonracha dá dtagraítear anseo á n-aistriú ó réigiúin níos forbartha nó ó réigiúin trasdula chuig réigiúin bheagfhorbartha agus ó réigiúin níos forbartha chuig réigiúin trasdula.’;***

(3) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) nuair a rannchuidíonn siad leis na cuspóirí sonracha faoi CB 1 a leagtar amach in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (vii), nó leis an gcuspóir sonrach faoi CB 2 a leagtar amach in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (b)(ix), ***i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, agus i réigiúin níos forbartha de chuid na mBallstát ar lú a meán-OTI per capita ná meán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán um chumhacht chun ceannaithe agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017, agus béim á coinneáil ar FBManna ag an am céanna;’;***

(2) cuirtear na pointí seo a leanas léi:

‘(f) nuair a rannchuidíonn siad le tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chinn an Coimisiún a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE tar éis dó teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 dar teideal *Criteria for the analysis of the compatibility with the internal market of State aid to promote the execution of important projects of common European interest* [Critéir chun anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Státchabhrach leis an margadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn] a chur san áireamh, agus béim á coinneáil ar FBManna ag an am céanna;

(g) i gcás ina n-éascaíonn siad coigeartú tionsclaíoch atá nasctha le dícharbónú próiseas táirgthe agus táirgí i ***réigiúin bheagfhorbartha agus réigiúin trasdula, agus i réigiúin níos forbartha de chuid na mBallstát ar lú a meán-OTI per capita ná meán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán um chumhacht chun ceannaithe agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017, agus béim á coinneáil ar FBManna ag an am céanna.***';

(ii) ***cuirtear an méid seo a leanas*** in ionad an dara fomhír:

***'Beidh feidhm ag pointí (e) agus (g) den chéad fhomhír maidir le cláir Interreg i gcás nach bhfuil i gcumhdach geografach an chláir laistigh den Aontas ach catagóirí réigiún a leagtar amach sna pointí sin.';***

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘10. Sa bhreis ar an féidearthachtaí a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit, le comhaontú ó na húdaráis bainistíochta lena mbaineann, acmhainní ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a leithdháileadh ar urrann an Bhallstáit de Chiste InvestEU chun iad a chur in úsáid trí ionstraim airgeadais dá bhforáiltear i gClár InvestEU. Beidh na ranníocaíochtaí sin ***faoi réir*** na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus cuirfear san áireamh iad faoi chomhair na n-uasteorainneacha a leagtar amach san Airteagal sin, ***nó déanfar iad a chomhaireamh go carnach, ar choinníoll nach mó ná EUR 50 milliún aistrithe iomlána.*** Acmhainní a ghintear leis na méideanna arna ranníoc le hionstraim airgeadais InvestEU, nó atá inchurtha i leith na méideanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060, cuirfear iad ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir leis an gcomhaontú ranníocaíochta agus úsáidfear iad le haghaidh tacaíochta faoin gcuspóir céanna nó faoi na cuspóirí céanna i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha.

11. Sa bhreis ar na féidearthachtaí a leagtar amach in Airteagal 73(4) de Rialachán (AE) 2021/1060, maidir le tionscadail atá rannpháirteach go díreach i dtionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chinn an Coimisiún a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE tar éis dó teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 dar teideal *Criteria for the analysis of the compatibility with the internal market of State aid to promote the execution of important projects of common European interest* [Critéir chun anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Státchabhrach leis an margadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn] a chur san áireamh, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh tacaíocht ó CFRE a dheonú go díreach, ar choinníoll go gcomhlíonann oibríochtaí den sórt sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 73(2), pointí (a), (b) agus (g), de Rialachán (AE) 2021/1060. ▌

---

* Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).’;

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 7a

***Forálacha sonracha a bhaineann leis an athbhreithniú meántéarma agus an tsolúbthacht ghaolmhar***

1. In 2026, íocfaidh an Coimisiún ***1,5*** % den tacaíocht iomlán ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe ***agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC)*** a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, de bhun an chinnidh lena bhformheastar an leasú ar an gclár, mar réamh-mhaoiniú aonuaire breise. Méadófar céatadán an réamh-mhaoinithe aonuaire breise sin suas go ***9,5*** % le haghaidh cláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis lena gcumhdaítear réigiún amháin nó níos mó ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, ar choinníoll nach gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann leis an gclár. Mar sin féin, i gcás ina n-áirítear réigiúin ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin i gcláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, agus i gcláir den sórt sin amháin, beidh feidhm ag an gcéatadán méadaithe maidir le cláir den sórt sin freisin.

2. Ní bheidh feidhm ag an réamh-mhaoiniú aonuaire breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ach amháin i gcás inar formheasadh ath-leithdháiltí ***10*** % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (vii), pointí (b)(v), (ix), (xi), agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii) agus pointí (e)(iii) agus ***(iv),*** i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025 ('an tairseach 10 %').

***Cuirfear na hath-leithdháiltí seo a leanas laistigh den chlár céanna san áireamh faoi chomhair na tairsí 10 % freisin:***

***(a)*** ***ath-leithdháiltí ó CSE+ ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú de bhun Airteagail 12a, 12c agus 12d de Rialachán (AE) 2021/1057 i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma;***

***(b)*** ***ath-leithdháiltí ó CUAC ar na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP nó arna mbunú chun rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chur chun cinn de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma;***

(c) ***ath-leithdháiltí ó CFRE nó ón gCiste Comhtháthaithe ar na tosaíochtaí tiomnaithe le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), den Rialachán seo nó ó CSE+ ar thosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú de bhun Airteagal 12a de Rialachán (AE) 2021/1057 nó ó CUAC ar na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP arna bhformheas i leasuithe ar chláir roimh an athbhreithniú meántéarma;***

(d) ***ath-leithdháiltí ó CFRE nó ón gCiste Comhtháthaithe ar na tosaíochtaí arna mbunú le haghaidh an chuspóra shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (b)(v), arna bhformheas i leasuithe ar chláir ó bhí an 1 Eanáir 2025 ann.***

***3. Ní chuirfear na hacmhainní seo a leanas san áireamh chun an méid a chomhfhreagraíonn don tairseach 10 % a ríomh:***

***(a) acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/1056;***

***(b) an cistiú breise do na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 110(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/1060;***

***(c) na hacmhainní arna n-ath-leithdháileadh ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú leis an bhfreagairt ar thubaistí nádúrtha de bhun Airteagal 12b de Rialachán (AE) 2021/1057 nó faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (b)(x), den Rialachán seo.***

4. Déanfar an réamh-mhaoiniú aonuaire breise atá dlite don Bhallstát agus a eascraíonn as leasuithe ar chláir de bhun an ath-leithdháilte ar na tosaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a áireamh mar íocaíochtaí a rinneadh in 2025 chun na méideanna atá le saoradh de bhun Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060 a ríomh, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.

5. De mhaolú ar Airteagal 63(2) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, is é an 31 Nollaig 2030 an dáta deiridh le haghaidh incháilitheacht an chaiteachais ▌ agus an tsaortha i gcás inar formheasadh leasuithe ar chláir lena n-ath-leithdháiltear ***10*** % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe ***dá dtagraítear i mír 2*** den Airteagal seo.

***6. I gcás nach bhfuil ach clár amháin ag Ballstát lena gcumhdaítear a chríoch iomlán agus ina ndéantar an clár sin a mhaoiniú ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CSE+ agus ó CUAC, beidh feidhm ag an maolú dá dtagraítear i mír 5 i gcás ina ndéantar 7 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir a ath-leithdháileadh ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 2.***

7. ***Maidir leis na cláir dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo, i gcás ina mbunaítear le Rialachán (AE) 2021/1060 nó le ceann amháin de na Rialacháin chiste-shonracha an dáta deiridh chun críocha chur i bhfeidhm na gceanglas creata feidhmíochta, bainistíochta airgeadais, tuairiscithe agus meastóireachta, measfar go dtagraíonn an dáta sin don dáta céanna sa bhliain dár gcionn. Ina theannta sin, de mhaolú ar Airteagal 2, pointe (29), de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás na gclár sin, measfar go dtagraíonn an bhliain chuntasaíochta deiridh don tréimhse ón 1 Iúil 2030 go dtí an 30 Meitheamh 2031.***

8. Féadfaidh na Ballstáit, in iarrataí ar leasuithe ar chláir arna dtíolacadh de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060, a iarraidh go ndéanfar acmhainní CFRE atá clársceidealaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a ath-leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus ar na hIonstraimí um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha dá dtagraítear faoi seach in Airteagail 12 agus 13 den Rialachán seo. Cuirfear acmhainní ath-leithdháilte chun feidhme ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann. Ní bheidh na hath-leithdháiltí sin ina n-aistrithe de réir bhrí Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060.

9. ***I gcomhréir le hAirteagal 40(2), pointe (d), agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060, ní thíolacfar iarrataí ar leasuithe ar chlár chun acmhainní a ath-leithdháileadh faoin athbhreithniú meántéarma ach amháin tar éis don choiste faireacháin iad a fhormheas. I gcás ina mbaineann ath-leithdháileadh den sórt sin le hacmhainní atá clársceidealaithe faoi Airteagal 28 den Rialachán sin, déanfar é tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha atá freagrach, i gcomhréir leis an gcód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíocht.***

10. De mhaolú ar Airteagal 112***(3) agus (4)*** de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí i gcláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis lena gcumhdaítear réigiún amháin nó níos mó ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó ***leis an Úcráin a mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná*** 100 %. Ní bheidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe níos airde maidir le cláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, mura n-áirítear na réigiúin sin ar leibhéal NUTS 2 ach i gcláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann.

Ní bheidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír den mhír seo ach amháin i gcás inar formheasadh ath-leithdháiltí ***10*** % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear ***i mír 2 den Airteagal seo,*** ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.

11. Sa bhreis ar an measúnú le haghaidh gach cláir ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma atá le tíolacadh de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit, ***faoin 31 Nollaig 2025***, measúnú comhlántach chomh maith le hiarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chláir a ***chur faoi bhráid an Choimisiúin*** an athuair, agus na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (vii), pointí (b)(v),(ix), (xi) agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii) agus pointí (e)(iii) agus (iv) á gcur san áireamh. Beidh feidhm ag na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal ***24*** de Rialachán (AE) 2021/1060.

12. I gcás ina sáródh rannchuidiú aeráide an Chiste Chomhtháthaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 an sprioc de 37 % dá leithdháileadh iomlán, féadfar an méid a sháraíonn an sprioc sin a chur san áireamh agus rannchuidiú aeráide CFRE á ríomh, chun an sprioc 30 % dá leithdháileadh iomlán a bhaint amach. Na méideanna a sháraíonn sprioc rannchuidithe aeráide CFRE de 30 % dá leithdháileadh iomlán, féadfar iad a chur san áireamh agus rannchuidiú aeráide an Chiste Chomhtháthaithe á ríomh.

---

* Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1056/oj).’;

(5) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Maidir le gníomhaíochtaí nuálacha a ndearnadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach, a chomhlíonann íoscheanglais cháilíochta an ghlao sin, agus nach féidir a mhaoiniú mar gheall ar shrianta buiséadacha, féadfaidh an Coimisiún Séala Barr Feabhais a shannadh dóibh.

Chun críocha an tSéala Barr Feabhais, meastar gur foinse eile de chuid an Aontais é an Tionscnamh Uirbeach Eorpach atá éagsúil leis na cláir a chuirtear chun feidhme agus a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/1060.’;

(6) in Iarscríbhinn I, leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

(a) i gcuspóir beartais 1, cuirtear an ró seo a leanas leis:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(vii) Acmhainneachtaí tionsclaíocha a fheabhsú chun cumais chosanta a chothú, ***agus tosaíocht á tabhairt do chumais de chineál dé-úsáide;*** | Aon RCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i) nó (iii)<br><br>RCO 128 - Fiontair a fhaigheann tacaíocht atá nasctha go príomha chun dé-úsáid agus cumais chosanta a chothú (RearmEU) - fiontair | Aon RCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i) nó (iii)’ |

;

(b) i gcuspóir beartais 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chuspóir sonrach (v):

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(v) Rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce, ***lena n-áirítear bainistiú comhtháite uisce,*** agus athléimneacht uisce a chur chun cinn | RCO 30 - Fad píobán nua nó uasghrádaithe le haghaidh córais dáileacháin don soláthar uisce poiblí - km<br><br>RCO 31 - Fad píobán nua nó uasghrádaithe le haghaidh an líonra phoiblí chun fuíolluisce a bhailiú - km<br><br>RCO 32 - Toilleadh nua nó uasghrádaithe chun fuíolluisce a chóireáil - coibhéis daonra | RCR 41 - Daonra atá nasctha le soláthar uisce poiblí feabhsaithe - daoine<br><br>RCR 42 - Daonra atá nasctha le cóireáil fuíolluisce poiblí atá tánaisteach ar a laghad - daoine<br><br>RCR 43 - Caillteanais uisce i gcórais dáileacháin le haghaidh soláthar uisce poiblí - méadair chiúbacha in aghaidh na bliana’ |

;

(c) i gcuspóir beartais 2, cuirtear na rónna seo a leanas leis:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(xi) Rochtain ar thithíocht inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** a chur chun cinn ▌ | RCO 18 - Teaghaisí inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe – teaghaisí<br><br>RCO 65 - An líon daoine i dtithíocht shóisialta, inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** atá nua nó nuachóirithe - daoine ▌ | RCR 26 - Tomhaltas fuinnimh phríomhúil bliantúil (as sin: teaghaisí inacmhainne ***agus inbhuanaithe,*** foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh in aghaidh na bliana<br><br>RCR 29 - Astaíochtaí measta gás ceaptha teasa - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana<br><br>RCR 67 Úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta, inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** atá nua nó nuachóirithe - |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | úsáideoirí in aghaidh na bliana |
| | (xii) Idirnascairí fuinnimh agus bonneagar gaolmhar tarchuir**, *dáileacháin, stórála agus tacaíochta a chur chun cinn, chomh maith le bonneagar criticiúil fuinnimh a chosaint*** agus bonneagar athluchtaithe a imscaradh | RCO 59 - Bonneagar breoslaí malartacha (pointí athbhreoslaithe/athluchtaithe)<br><br>RCO 131 - Línte agus idirnascairí líonraí tarchurtha ***nó dáileacháin*** fuinnimh - nuathógtha nó feabhsaithe<br><br>***RCO 105 – Réitigh do stóráil leictreachais'*** | |

;

(d) i gcuspóir beartais 3, cuirtear an ró seo a leanas leis:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(iii) Bonneagar ▌ cosanta athléimneach a fhorbairt, ***agus tosaíocht á tabhairt do bhonneagar de chineál dé-úsáide, lena n-áirítear chun*** soghluaisteacht mhíleata a chothú ***san*** Aontas, ***chomh maith le hullmhacht shibhialta a fheabhsú***; | Aon RCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i) nó (ii)<br><br>RCO 129 - Bonneagar atá curtha in oiriúint do riachtanais soghluaisteachta míleata<br><br>***RCO29 - Acmhainneacht foscadán ilchuspóireach a tógadh nó a athchóiríodh (daoine)*** | Aon RCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i) nó (ii)’ |

;

(e) i gcuspóir beartais 4, cuirtear an ró seo a leanas leis:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(vii) Rochtain ar thithíocht inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** a chur chun cinn ▌ | RCO 18 - Teaghaisí ***inacmhainne agus inbhuanaithe*** ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe – teaghaisí<br><br>RCO65 - An líon daoine i dtithíocht inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** atá nua nó nuachóirithe - daoine ▌ | RCR 26 - Tomhaltas fuinnimh phríomhúil bliantúil (as sin: teaghaisí ***inacmhainne agus inbhuanaithe***, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh in aghaidh na bliana<br><br>RCR 29 - Astaíochtaí measta gás ceaptha teasa - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana<br><br>RCR 67 - Úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta, inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** atá nua nó nuachóirithe - úsáideoirí in aghaidh na bliana’ |

;

(f) i gcuspóir beartais 5, cuirtear an ró seo a leanas leis:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(iii) Forbairt chríochach chomhtháite a chothú, trí rochtain ar thithíocht inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** ▌ i ngach cineál críoch | RCO 18 - Teaghaisí ***inacmhainne agus inbhuanaithe*** ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe – teaghaisí<br><br>RCO 65 - An líon daoine i dtithíocht shóisialta, inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** atá nua nó nuachóirithe - daoine ▌ | RCR 26 - Tomhaltas fuinnimh phríomhúil bliantúil (as sin: teaghaisí ***inacmhainne agus inbhuanaithe***, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh/bliain<br><br>RCR 29 - Astaíochtaí measta gás ceaptha teasa - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana<br><br>RCR 67 - Úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta, inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** atá nua nó nuachóirithe - úsáideoirí in aghaidh na bliana’ |

.

Airteagal 2

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1056**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1056 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 8(2) mar a leanas:

***(a)*** leasaítear an ***chéad fhomhír mar a leanas:***

***(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):***

***'(f) infheistíochtaí sa tsoghluaisteacht áitiúil chliste agus inbhuanaithe, lena n-áirítear dícharbónú na hearnála iompair áitiúil agus a bonneagair, chomh maith le bonneagar athluchtaithe a imscaradh;';***

***(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):***

***'(i) infheistíochtaí in athghiniúint agus dí-éilliú láithreán athfhorbraíochta, in uisce, in athchóiriú talún agus lena n-áirítear, i gcás inar gá, i dtionscadail bonneagair ghlais agus athrú cuspóra, agus aird á tabhairt ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir';';***

(iii) cuirtear na pointí seo a leanas léi:

'(p) rochtain ar thithíocht inacmhainne agus ***inbhuanaithe*** a chur chun cinn ▌;

***(q) tacú le córais stórála fuinnimh agus rannchuidiú á dhéanamh le dícharbónú na ngeilleagar réigiúnach agus le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite san eangach.';***

***(b)*** ***scriostar an dara fomhír;***

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Le CUAC, féadfar tacú freisin le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, agus béim á coinneáil ar FBManna ▌ ag an am céanna. Ní bheidh na hinfheistíochtaí sin incháilithe ach ***amháin i gcás ina bhfuil siad riachtanach chun an plean críochach um aistriú cóir a chur chun feidhme, i gcás ina bhfuil a dtacaíocht riachtanach chun poist a chruthú sa chríoch shainaitheanta agus*** i gcás nach mbeidh athlonnú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (27), de Rialachán (AE) 2021/1060 mar thoradh orthu. Le soláthar na tacaíochta sin, ní bheidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bplean críochach um aistriú cóir i gcás ina mbeadh an t-athbhreithniú sin nasctha go heisiach leis an anailís ar bhearnaí. ***Maidir le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/795,*** déanfar printíseachtaí agus poist, oideachas nó oiliúint do scileanna nua a mheas sa phróiseas roghnúcháin.’;

(d) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'I gcás oibríochtaí ar sannadh Séala Barr Feabhais dóibh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (45), de Rialachán (AE) 2021/1060 agus i gcás tionscadail atá rannpháirteach go díreach i dtionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chinn an Coimisiún a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) CFAE tar éis dó teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 dar teideal *Criteria for the analysis of the compatibility with the internal market of State aid to promote the execution of important projects of common European interest* [Critéir chun anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Státchabhrach leis an margadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn] a chur san áireamh, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh tacaíocht ó CUAC a dheonú go díreach, ar choinníoll go rannchuidíonn oibríochtaí den sórt sin leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo agus go rannchuidíonn siad le cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir.'; ▌

(2) in Airteagal 10, cuirtear ***na míreanna seo*** a leanas leis:

‘***5***. I gcás ina ndéantar acmhainní CUAC a chlársceidealú mar thosaíochtaí laistigh de chlár ina bhfuil acmhainní CFRE, ***CSE+*** nó an Chiste Chomhtháthaithe freisin, sa bhreis ar an measúnú le haghaidh gach cláir ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma atá le tíolacadh de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit measúnú comhlántach chomh maith le hiarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chláir a chur ***faoi bhráid an Choimisiúin*** an athuair, agus na cuspóirí sonracha ***agus gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht*** a tugadh isteach le Rialachán (AE) …/…[*+] faoin ***31 Nollaig 2025*** á gcur san áireamh. Beidh feidhm ag na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal ***24*** de Rialachán (AE) 2021/1060.

***Féadfaidh clár den sórt sin tairbhe a bhaint as an réamh-mhaoiniú aonuaire breise dá dtagraítear in Airteagal 7a(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/1058, i gcás inarb infheidhme.***

I gcás ina mbaineann clár den sórt sin tairbhe as spriocdháta sínte le haghaidh incháilitheacht caiteachais ▌ agus le haghaidh saortha freisin i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) 2021/1058, beidh feidhm ag an síneadh sin maidir le hacmhainní CUAC freisin.

---

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin leasaithigh seo.

6. ***I gcás ina ndéantar acmhainní CUAC a chlársceidealú i gclár tiomnaithe, féadfaidh na Ballstáit tosaíochtaí tiomnaithe a bhunú chun tacú le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP nó chun rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn, i gcomhréir le hAirteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointe (p), den Rialachán seo.***

***I gcás ina ndéantar 10 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir a ath-leithdháileadh ar thosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó dá dtagraítear sa chéad fhomhír, íocfaidh an Coimisiún, in 2026, 1,5 % den tacaíocht iomlán ó CUAC don chlár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire. Ina theannta sin, déanfar ath-leithdháiltí ar thosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP arna bhformheas i leasuithe ar chláir roimh an athbhreithniú meántéarma a áireamh faoi chomhair na tairsí 10 % freisin. Ní dhéanfar acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur san áireamh chun an méid a chomhfhreagraíonn don 10 % d'acmhainní airgeadais acmhainní an chláir a ríomh.***

***An réamh-mhaoiniú atá dlite don Bhallstát a eascraíonn as leasuithe ar chláir de bhun an ath-leithdháilte ar thosaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfar é a áireamh mar íocaíochtaí a rinneadh in 2025 chun na méideanna atá le saoradh de bhun Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060 a ríomh, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.***

***De mhaolú ar Airteagal 63(2) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, is é an 31 Nollaig 2030 an dáta deiridh le haghaidh incháilitheacht an chaiteachais agus an tsaortha. Ní bheidh feidhm ag an maolú sin ach amháin i gcás inar formheasadh leasuithe ar chlár lena ndéantar 10 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir a ath-leithdháileadh ar thosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó mar a leagtar amach sa dara fomhír den mhír seo.***

***I gcás na gclár sin, i gcás ina mbunaítear le Rialachán (AE) 2021/1060 an dáta deiridh chun críocha chur i bhfeidhm na gceanglas creata feidhmíochta, bainistíochta airgeadais, tuairiscithe agus meastóireachta, léifear é sin mar thagairt don dáta céanna sa bhliain dár gcionn. Ina theannta sin, de mhaolú ar Airteagal 2, pointe (29), de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás na gclár sin, measfar go dtagraíonn an bhliain chuntasaíochta deiridh don tréimhse ón 1 Iúil 2030 go dtí an 30 Meitheamh 2031.***

***Sa bhreis ar an measúnú le haghaidh gach cláir ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma atá le tíolacadh de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit measúnú comhlántach chomh maith le hiarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chláir a chur faoi bhráid an Choimisiúin an athuair, agus na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht a tugadh isteach le Rialachán (AE) …/…[+] faoin 31 Nollaig 2025 á gcur san áireamh. Beidh feidhm ag na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060.***

---

[*] Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... (IO ...).***’;.’***

---

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin leasaithigh seo agus cuir isteach an uimhir, an dáta agus an tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

(3) ***in*** Airteagal 11(2), ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (h) agus (i):***

***'(h) i gcás ina bhfuil tacaíocht le soláthar d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, liosta táscach d'oibríochtaí agus d'fhiontair a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh agus údar leis an ngá atá leis an tacaíocht sin, lena n-áirítear, i gcás inar gá chun críoch measúnaithe ar Státchabhair, trí bhíthin anailís ar bhearnaí lena léirítear go rachadh líon na gcaillteanas post a bhfuiltear ag súil leo thar líon na bpost a bhfuiltear ag súil leis go gcruthófaí in éagmais na hinfheistíochta sin;***

(i) i gcás ina bhfuil tacaíocht le soláthar d'infheistíochtaí chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, liosta de na hoibríochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh agus údar go rannchuideoidís leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach agus go mbeadh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rachadh faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don saor-leithdháileadh faoi Threoir 2003/87/CE mar thoradh orthu agus ar choinníoll go bhfuil gá leis na hoibríochtaí sin chun líon suntasach post a chosaint;';

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag nialas. Na garspriocanna a shocraítear do 2024 agus na spriocanna a shocraítear do 2029, is de chineál carnach a bheidh siad.';

*(5) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs a thagraíonn do phointe (h) d'Airteagal 11(2) i bpointe 2.4:*

*'Le líonadh isteach má thugtar tacaíocht d'infheistíochtaí táirgiúla in eagraíochtaí nach FBManna iad, agus sa chás sin amháin:*

*- liosta táscach d'oibríochtaí agus d'fhiontair a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh agus, i gcás gach ceann acu, údar leis an ngá atá leis an tacaíocht sin, lena n-áirítear, i gcás inar gá chun críoch measúnaithe ar Státchabhair, trí bhíthin anailís ar bhearnaí lena léirítear go rachadh líon na gcaillteanas post a bhfuiltear ag súil leo thar líon na bpost a bhfuiltear ag súil leis go gcruthófaí in éagmais na hinfheistíochta sin*

*Nuashonraigh nó líon isteach an roinn seo tríd an athbhreithniú ar phleananna críocha um aistriú cóir, ag brath ar an gcinneadh tacaíocht mar sin a chur ar fáil.';*

*(6) in Iarscríbhinn III, cuirtear an ró seo a leanas léi:*

| | |
|---|---|
| ***'RCO 18 - Teaghaisí inacmhainne agus inbhuanaithe a bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe acu – teaghaisí RCO 65 - An líon daoine i dtithíocht shóisialta, inacmhainne agus inbhuanaithe atá nua nó nuachóirithe - daoine*** | ***RCR 26 - Tomhaltas fuinnimh phríomhúil bliantúil (as sin: teaghaisí inacmhainne agus inbhuanaithe, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh in aghaidh na bliana RCR 29 - Astaíochtaí measta gás ceaptha teasa - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana RCR 67 - Úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta, inacmhainne agus inbhuanaithe atá nua nó nuachóirithe - úsáideoirí in aghaidh na bliana'*** |

.

***Airteagal 3***

***Teorainneacha ar leasuithe ar chláir agus aistrithe***

***Méideanna a chomhfhreagraíonn do ghealltanais arna gcur ar fionraí le bearta arna nglacadh i gcomhthéacs Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus méideanna a sháraíonn an méid solúbthachta a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha atá faoi réir measúnú diúltach ón gCoimisiún ar bhonn cur i bhfeidhm coinníollacha cumasúcháin cothrománacha de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/1060, ní bheidh siad faoi réir leasú ar chlár ná aistriú de bhun an Rialacháin seo.***

Airteagal 4

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ***lá*** tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hurraim don smacht reachta tráth ghlacadh Rialachán (AE) [2025/...][1]**

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Tuigeann an Coimisiún rún na gcomhreachtóirí mar atá cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú lena leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcloífear leis an Smacht Reachta i gcur chun feidhme na gCistí agus déanfaidh sé measúnú ar aon iarraidh ar leasuithe ar chláir i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis an Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta agus le forálacha an Rialacháin maidir le hAthbhreithniú Meántéarma.

1 IO L ... [uimhir, dáta, leathanach, ELI].